Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16503/25**

**SAN 815**
**IPCR 99**
**POLMIL 413**
**RELEX 1639**
**JAI 1869**
**HYBRID 171**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 745 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Lena dtugtar isteach plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais maidir le géarchéimeanna sláinte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 745 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 745 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2025
COM(2025) 745 final

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**Lena dtugtar isteach plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais maidir le géarchéimeanna sláinte**

{SWD(2025) 393 final}

# 1. ULLMHACHT AGUS ATHLÉIMNEACHT AN AONTAIS EORPAIGH A NEARTÚ IN AGHAIDH MÓRBHAGAIRTÍ TRASTEORANN AR AN tSLÁINTE ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Tá an tAontas Eorpach ag feidhmiú i ré ina bhfuil an éiginnteacht ag dul i méid agus ina bhfuil bagairtí agus rioscaí ilghnéitheacha. Tá **timpeallacht bhagartha chasta atá ag dul i ndéine** os a comhair – idir phaindéimí, chibirionsaithe, bhréagaisnéis, thubaistí a bhaineann leis an aeráid agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil. Níl na dúshláin sin scoite amach ó chéile a thuilleadh; tá siad fite fuaite ina chéile, cuireann siad lena chéile agus déanann siad athléimneacht sochaithe, geilleagar agus daonlathas a thástáil. Braitheann slándáil, rathúnas agus aontacht an Aontais ar a chumas ullmhú do ghéarchéimeanna, coinne a bheith aige leo agus freagairt dóibh – ní hamháin nuair a bhuaileann géarchéimeanna, ach i bhfad roimhe sin.

D'fhéadfadh **géarchéim shláinte trasteorann** a bheith mar thoradh ar go leor de na bagairtí trasnacha sin. I dtimpeallacht luaineach an lae inniu, d'fhéadfadh géarchéim shláinte ar mhórscála dochar mór a dhéanamh, rud a dhéanfadh difear d'fholláine an duine aonair, agus ní hamháin sin ach d'fheidhmiú foriomlán sochaithe agus geilleagar freisin. Bhí iarmhairt phaindéim COVID-19 ina fhianaise air sin agus múineadh go leor ceachtanna pianmhara ach luachmhara dúinn dá bharr nach mór dúinn leanúint de leas a bhaint astu inár n-iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo. Maidir le córais sláinte nach bhfuil ullmhaithe, atá ilroinnte agus a bhfuil easpa athléimneachta iontu, is féidir nach mbeidís in ann freastal ar an éileamh atá orthu le linn géarchéim shláinte, rud a d'fhágfadh go gcuirfí isteach ar sheirbhísí bunriachtanacha agus go laghdófaí muinín an phobail as institiúidí. Mar sin féin, bíonn i bhfad níos mó i gceist le géarchéimeanna sláinte ná an méid a tharlaíonn san ospidéal agus is féidir leo cur isteach ar gheilleagair, éagothromaíochtaí sóisialta a ghéarú, stop a chur le trádáil agus stangadh a bhaint as muinín an phobail go hiomlán. Ós rud é go ndéanann géarchéimeanna sláinte difear díréireach do ghrúpaí éagsúla laistigh den tsochaí, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar bearta coisc, ullmhachta agus freagartha a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach cuimsitheach inrochtana do gach duine chun muinín, cothromas agus athléimneacht chórais sláinte poiblí an Aontais a neartú. Thairis sin, in Eoraip idirnasctha, is féidir le géarchéimeanna sláinte scaipeadh thar theorainneacha, rud a chuireann brú ar an dlúthpháirtíocht agus ar acmhainní comhroinnte. Léiríonn na héifeachtaí trasteorann agus trasearnála sin go soiléir a thábhachtaí atá comhordú láidir idir na Ballstáit agus an gá atá le bosca uirlisí láidir beart ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

Tá **costas ollmhór ag baint le bheith neamhghníomhach** os comhair bagairtí intuartha, rud a thomhaistear ní hamháin i gcaillteanais eacnamaíocha ach, thar aon ní eile, i bhfulaingt an duine agus in athléimneacht laghdaithe. Os a choinne sin, tá torthaí móra ag baint le cosc agus ullmhacht agus tá siad i bhfad níos costéifeachtaí ná díreach a bheith ag freagairt do ghéarchéim([1]) . Maidir le sochaithe atá ullmhaithe go maith, bíonn siad ag téarnamh ar bhealach

---

[1] Léirítear i staidéar a rinneadh le déanaí nach mbíonn ach costas an-bheag i gcomparáid leis an méid a chailltear nuair a bhuaileann paindéimí víreasacha i gceist lena gcosc: níos lú ná 5 % de luach na ndaoine a chailltear agus 10 % den damáiste eacnamaíoch a dhéantar mar thoradh ar na cineálacha sin ráigeanna. A.S. Bernstein et al., an 4 Feabhra 2022, Science Advances: https://www.science.org/doi/10.1126/sciadv.abl4183.

níos tapúla, is féidir leo slite beatha a chosaint ar bhealach níos fearr agus coinníonn siad cobhsaíocht níos fearr ar bun.

Tá na ceachtanna a foghlaimíodh le blianta beaga anuas soiléir: ní rogha é a bheith ullamh do ghéarchéimeanna sláinte trasteorann, is riachtanas é. Dá bhrí sin, tá céimeanna cinntitheacha glactha ag an gCoimisiún, ag na Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais i dtreo **Aontas Sláinte Eorpach** atá níos láidre agus níos athléimní, arb é is aidhm dó cumas an Aontais a neartú ó thaobh ullmhú do ghéarchéimeanna sláinte agus freagairt dóibh. Ar na príomhbhloic thógála tá glacadh an **Rialacháin ón Aontas Eorpach maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte**([2]), na sainorduithe neartaithe maidir leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (**ECDC**)([3]) agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (**EMA**)([4]), agus cruthú Údarás an Choimisiúin um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (**HERA**) chun feabhas a chur ar ullmhacht agus ar fhreagairt do bhagairtí tromchúiseacha trasteorann sa réimse frithbheart leighis([5]) . Thairis sin, glacadh an **Rialachán ón gComhairle** maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais([6]) .

Ó shin i leith, tá go leor tionscnaimh straitéiseacha eile de chuid an Aontais glactha, arb é is aidhm dóibh athléimneacht an Aontais a neartú agus borradh a chur faoina chumas coinne a bheith aige le géarchéimeanna, iad a chosc, ullmhú dóibh, freagairt dóibh agus téarnamh uathu. Go háirithe, is mórthionscnamh de chuid an Aontais í **an Straitéis um Aontas na hUllmhachta**([7]) a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar an timpeallacht bhagartha idirnasctha tríd an athléimneacht a neartú ar fud gach leibhéil agus gach earnála. Sa Straitéis sin glactar cur chuige réamhghníomhach maidir le bainistiú géarchéime atá bunaithe ar thrí phrionsabal a threisíonn a chéile: (i) an prionsabal uile-ghuaise([8]) ; (ii) an prionsabal uile-rialtais([9]) ; agus (iii) an prionsabal uile-shochaí([10]) . Thairis sin, tá sé beartaithe sa Straitéis gur gá breithnithe ullmhachta agus slándála a chomhtháthú agus a phríomhshruthú ar fud reachtaíocht, bheartais agus chláir an Aontais. Leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta, féachtar le hacmhainneachtaí marthanacha a fhorbairt lena n-áiritheofar go mbeidh an tAontas láidir i ngach réimse agus ar gach leibhéal den tsochaí.

Tá **Plean Gníomhaíochta**([11]) ag gabháil leis an Straitéis, ina leagtar amach 30 príomhghníomhaíocht atá le cur chun feidhme ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar fud na

---

2 Rialachán (AE) 2022/2371, IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.
3 Rialachán (AE) 2022/2370, IO L 314, 6.12.2022, lch. 1.
4 Rialachán (AE) 2022/123, IO L 20, 31.1.2022, lch. 1.
5 C(2021) 6712 final.
6 Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle, IO L 314, 6.12.2022, lch. 64.
7 https://commission.europa.eu/topics/preparedness_ga.
8 Glactar cur chuige sa straitéis lena n-ullmhaítear do raon leathan bagairtí.
9 Is éard atá i gceist leis an straitéis cur chuige uile-rialtais níos réamhghníomhaí a ghlacadh maidir le bainistiú géarchéime, ar fud na n-earnálacha sibhialta agus míleata araon
10 Ciallaíonn cur chuige uile-shochaí na straitéise go bhfuil ról ag pobail áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhpháirtithe gnó agus sóisialta, acadóirí agus gníomhaithe riachtanacha eile maidir le cultúr ullmhachta a chothú ar fud an Aontais.
11 Iarscríbhinn a ghabhann leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta: https://commission.europa.eu/topics/preparedness_ga.

seacht réimse théamacha den Straitéis. Tá gá le cur chuige comhleanúnach comhordaithe ar leibhéal an Aontais i measc na ngníomhaithe agus na n-ionstraimí éagsúla in ollstruchtúr treisithe slándála sláinte an Aontais. Dá bhrí sin, cuimsítear sa Phlean Gníomhaíochta, mar cheann de na gníomhaíochtaí nithiúla, go soláthrófar, faoi dheireadh 2025, **Plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais maidir le géarchéimeanna sláinte ('plean an Aontais')**, rud atá ina cheanglas dlíthiúil cheana féin a shainordaítear sa Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte([12]) .

Cé nach gcumhdaítear freagairt ar ghéarchéimeanna sláinte lasmuigh den Aontas le plean an Aontais, tá sé ailínithe le **tosaíochtaí agus tionscnaimh sláinte dhomhanda an Aontais**. Tá sé ríthábhachtach comhar a chothú le tíortha nach de chuid an Aontais iad agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse na sláinte poiblí ar mhaithe le hathléimneacht agus slándáil sláinte an Aontais agus an domhain, mar a aithnítear sa Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte([13]) agus sa Straitéis um Aontas na hUllmhachta. Tá tiomantas an Aontais sa réimse sin bunaithe ar na prionsabail agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach i **Straitéis nua Sláinte Domhanda an Aontais**([14]) agus in **Global Gateway**([15]) . Leis an bhfógra a rinneadh le déanaí maidir leis an **Tionscnamh maidir le hAthléimneacht Sláinte ar an Leibhéal Domhanda** in aitheasc an Uachtaráin Ursula von der Leyen ar Staid an Aontais([16]) i mí Mheán Fómhair 2025, athdhearbhaítear an gealltanas sin.

## 2. PLEAN COISC, ULLMHACHTA AGUS FREAGARTHA AN AONTAIS MAIDIR LE GÉARCHÉIMEANNA SLÁINTE

### *Plean an Aontais: bosca uirlisí le haghaidh bainisteoirí géarchéime*

Is é plean an Aontais, plean a ghabhann leis an Teachtaireacht seo ón gCoimisiún, treoirphlean an Aontais le haghaidh gníomhaíocht maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, lena gcumhdaítear cosc, ullmhacht agus freagairt. Is bosca uirlisí cuimsitheach é sin lena gcumhachtaítear bainisteoirí géarchéime chun éigeandálaí a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh go tapa agus go héifeachtach. Comhlánaíonn sé iarrachtaí náisiúnta trí thuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcomhordaíonn an tAontas cosc agus ullmhacht, ar na hacmhainneachtaí agus na hacmhainní comhpháirteacha is féidir a shlógadh, agus ar an gcaoi a mbíonn gníomhaíocht ina toradh ar an dlúthpháirtíocht nuair is tábhachtaí í. Leagtar amach i bplean an Aontais freisin an próiseas chun éigeandáil sláinte poiblí a aithint ar leibhéal an Aontais agus leagtar amach ann na bearta agus na nósanna imeachta breise a fhéadfar a ghníomhachtú, rud a áiritheoidh gur féidir leis an Aontas gníomhú go tapa agus de réir cuspóra. Tá sé chomh tábhachtach céanna go gcothaíonn sé cultúr foghlama agus feabhais leanúnaigh, rud a chuidíonn leis na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcórais féin agus iad a neartú. Cuireann sé sin ar a chumas don Aontas téarnamh go tapa agus teacht amach níos láidre tar éis gach géarchéime.

12 Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/2371.
13 Aithris 38 de Rialachán (AE) 2022/2371.
14 https://health.ec.europa.eu/system/files/2023-10/international_ghs-report-2022_en.pdf.
15 https://commission.europa.eu/topics/international-partnerships/global-gateway_ga.
16 https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/state-union/state-union-2025_ga.

Tá plean an Aontais ceaptha go príomha do na Ballstáit, go háirithe do na húdaráis atá freagrach as bainistiú géarchéime agus as cur chun feidhme beartas maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha. Mar sin féin, téann a luach i bhfad níos faide ná sin, agus tairbhíonn gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, comhpháirtithe idirnáisiúnta, mar shampla an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), agus príomhghníomhaithe ar fud na sochaí sibhialta, an tsaoil acadúil, na hearnála príobháidí, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na meán, de.

Forbraíodh plean an Aontais trí chomhar trasearnála agus i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile([17]) . Baintear leas as creat neartaithe slándála sláinte an Aontais agus as doiciméid bheartais a foilsíodh le déanaí leis agus comhtháthaítear an creat agus na doiciméid sin ann([18]) .

***Géarchéim shláinte a chosc, ullmhú di, freagairt di agus téarnamh uaithi***

Cumhdaítear i bplean an Aontais raon leathan géarchéimeanna, bídís nádúrtha, de thaisme nó d'aon ghnó, lena n-áirítear géarchéimeanna de thionscnamh bitheolaíoch, ceimiceach, comhshaoil agus anaithnid([19]) . Tá feidhm aige freisin maidir le 'cásanna éigeandála eisceachtúla' a dteastaíonn freagairt chomhordaithe ón Aontas ina leith ([20]), amhail coinbhleachtaí armtha nó cásanna inar léiríodh nach leor na bearta atá ann cheana chun sláinte daoine a chosaint. I bplean an Aontais, glactar cur chuige uile-ghuaise, uile-earnála, uile-shochaí, ar bhonn phrionsabail an chomhair Aon Sláinte Amháin([21]), an chomhair uile-rialtais agus an chomhair uile-shochaí. Tá an cur chuige sin ríthábhachtach, ós rud é go n-éilíonn bagairtí agus rioscaí casta freagairt chuimsitheach chun iad a bhainistiú go héifeachtach.

Cumhdaítear i bplean an Aontais na ceithre chéim den timthriall bainistithe géarchéime sláinte: (1) cosc agus ullmhacht, (2) brath agus measúnú, (3) freagairt, agus (4) téarnamh. Leagtar amach sa phlean struchtúr rialachais, acmhainneachtaí agus acmhainní an Aontais maidir le géarchéimeanna sláinte chomh maith leis na sásraí tacaíochta atá i bhfeidhm le haghaidh gach céime.

## Céim 1: Géarchéimeanna sláinte a chosc agus ullmhú dóibh

Ní mór don Aontas cosc agus ullmhacht láidir a áirithiú maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann ar an tsláinte chun go mbeifear in ann an pobal a chosaint

---

17 Bhí comhairliúchán poiblí (glao ar fhianaise) ar oscailt ón 1 go dtí an 29 Deireadh Fómhair 2025, agus fuarthas 57 bhfreagra ann, go príomha ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó chomhlachais ghnó.

18 e.g. https://commission.europa.eu/topics/defence/safer-together-path-towards-fully-prepared-union_ga, https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/internal-security_ga agus https://health.ec.europa.eu/latest-updates/hera-review-taking-stock-reinforce-health-security-eu-2025-03-26_ga.

19 Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/2371.

20 Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/2371.

21 Is cur chuige é Aon Sláinte Amháin a aithníonn an t-idirnasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil, agus a chuireann comhar chun cinn i ndisciplíní éagsúla chun bagairtí sláinte a chosc, a bhrath agus chun freagairt dóibh.

agus an tsláindáil sláinte poiblí a chosaint. Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an méid sin a bhaint amach:

- Tuairiscíonn na Ballstáit go tréimhsiúil ar phleanáil agus ar chur chun feidhme a b**pleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha**([22]) .
- Déanann na Ballstáit comhordú, i gcomhar leis an gCoimisiún, sa **Choiste Slándála Sláinte** ([23]) chun cuidiú lena bpleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha a ullmhú.
- Déanann ECDC **Measúnuithe ar Ullmhacht i dtaca le hÉigeandáil Sláinte Poiblí**([24]) chun measúnú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta agus déanann sé moltaí chun iad a fheabhsú.
- Neartaíonn na Ballstáit **córais cúraim sláinte agus an lucht saothair sláinte** ionas gur féidir leo a bheith níos athléimní agus iad faoi bhrú; cuimsítear leis sin **vacsaíniú** a chur chun cinn mar cheann de na huirlisí sláinte poiblí is cumhachtaí agus is costéifeachtaí chun galair a chosc.
- Le cúnamh agus comhairle ó na Ballstáit trí **Bhord HERA,** tacaíonn an Coimisiún le **frithbhearta leighis** a fhorbairt, a chur ar fáil agus a dháileadh, idir vacsaíní agus theiripic, dhiagnóisic, fheistí leighis, agus threalamh cosanta, lena n-áirítear réamhaíocht ghaolmhar maidir le bagairtí, measúnú ar bhagairtí agus bailiú faisnéise.
- Mar mhaolú riosca i gcás éigeandálaí sláinte amach anseo, tá acmhainneacht monaraíochta vacsaíní forchoimeádta ag an gCoimisiún trí **FAB an Aontais Eorpaigh** chun ullmhacht leanúnach agus soláthar iomchuí amhábhar criticiúil a áirithiú.
- Cuidíonn sásraí tacaíochta an Aontais, amhail **Tascfhórsa Sláinte an Aontais** agus **an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta**, leis na Ballstáit ullmhú do ghéarchéimeanna sláinte.

**Ullmhacht faoi lán seoil: soláthar vacsaíní agus vacsaíniú**

Le ráig na bolgaí moncaí san Aontas/in LEE in 2022, cuireadh i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le hullmhacht ar fud an Aontais i dtaca le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte. Ar an gcéad dul síos, phléigh **an Coiste Slándála Sláinte** an staid eipidéimeolaíoch. Ansin, tháinig **Bord HERA** le chéile agus chuidigh sé leis an gCoimisiún breis agus 109 000 dáileog vacsaíne a fháil i mí an Mheithimh 2022, dáileoga a deonaíodh do na Ballstáit agus do thíortha comhlachaithe EU4Health laistigh de mhí ón ráig.

Bhí ról tábhachtach ag an g**Coiste Slándála Sláinte** freisin trí mholtaí a ghlacadh le haghaidh cur chuige coiteann de chuid an Aontais maidir le beartais vacsaínithe bolgaí moncaí([25]) . Leagtar amach i dtuairim ón gCoiste Slándála Sláinte príomhbhreithnithe maidir le straitéisí náisiúnta vacsaínithe bolgaí moncaí na mBallstát, i gcomhréir le treoir arna heisiúint ag ECDC/EDS agus cúinsí na mBallstát

[22] Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2022/2371.
[23] https://health.ec.europa.eu/health-security-and-infectious-diseases/crisis-management_ga#health-security-committee.
[24] https://www.ecdc.europa.eu/en/about-ecdc/what-we-do/public-health-emergency-preparedness-assessments.
[25] https://health.ec.europa.eu/publications/recommendations-common-eu-approach-regarding-vaccination-policies-monkeypox-outbreak-response_ga.

eipidéimeolaíocha agus sláinte poiblí náisiúnta á gcur san áireamh, lena n-áirítear infhaigheacht vacsaíní.

Chun ullmhacht mheántéarmach agus fhadtéarmach maidir le bolgach moncaí a neartú, fuair an Coimisiún suas le 2 mhilliún dáileog den vacsaín bolgaí moncaí in 2023 agus 2024 trí Chreat um Sholáthar Comhpháirteach([26]) . Leis sin, tugadh an rogha do na Ballstáit rannpháirteacha stoc-chairn a thógáil agus straitéisí vacsaínithe a phleanáil roimh ré agus iad a ullmhú do bhearta freagartha a dhéanfaí in 2024 amhail deonú comhordaithe vacsaíní. Léirítear leis na hiarrachtaí sin an chaoi ar bhain an tAontas leas as ceannach comhthiomsaithe agus stoc-charnadh straitéiseach chun rochtain chothrom a choinneáil ar bun, an riosca soláthair a mhaolú, agus coinne a bheith aige le bagairtí sláinte amach anseo.

Tá níos mó i gceist leis na sásraí sin ná freagairt do ráig aonair – is léiriú iad ar chur chuige struchtúrtha réamhbhreathnaitheach i leith ullmhachta, rud a chuireann ar a chumas don Aontas freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do bhagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn agus comhar trasteorann, pleanáil acmhainní agus cinnteoireacht fhianaisebhunaithe á neartú an tráth céanna le haghaidh na todhchaí.

## Céim 2: Bagairtí sláinte a bhrath agus a mheasúnú

Tá sé ríthábhachtach bagairtí sláinte a bhrath agus a mheasúnú go héifeachtach chun freagairt do ghéarchéimeanna sláinte. Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo a leanas leis sin a bhaint amach.

- Cuireann an Coimisiún feabhas ar **chórais faireachais agus bhraite** trí shaotharlanna tagartha an Aontais um shláinte phoiblí a ainmniú, i measc nithe eile, agus trí chineálacha éagsúla cur chuige faireachais a chomhtháthú, lena n-áirítear an creat 'Aon Sláinte Amháin', faireachán saotharlannbhunaithe, anailís fuíolluisce agus faireachas agus rialú veicteoirí.
- Cuireann an Coimisiún **comhroinnt faisnéise agus idir-inoibritheacht sonraí** chun cinn chun feabhas a chur ar an ullmhacht chomhchoiteann agus ar an bhfreagairt chomhchoiteann ar ghéarchéimeanna sláinte.
- Tacaíonn an Coimisiún **le measúnú ar an mbagairt, le measúnú riosca agus le luathrabhadh**, ar nithe iad atá cuimsitheach agus comhtháite agus a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, chun eolas a dhéanamh do bhearta freagartha tapa éifeachtacha.
- Cuidíonn gníomhaireachtaí an Aontais, amhail ECDC, EMA agus EFSA([27]), le **measúnuithe riosca sláinte poiblí** tapa a dhéanamh chun tacú le comhordú sonraíbhunaithe agus fianaisebhunaithe ar iarrachtaí freagartha ar leibhéal an Aontais.

**Measúnú riosca faoi lán seoil: mearmheasúnú riosca ón Aontas Eorpach a dhéanann grúpa uathúil gníomhaireachtaí de chuid an Aontais**

Nuair a thuairiscíonn Ballstát den Aontas bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte, is féidir leis an gCoimisiún nó leis an gCoiste Slándála Sláinte a iarraidh ar cheann amháin nó níos mó de ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais measúnú riosca sláinte phoiblí a dhéanamh.

[26] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_6766.
[27] An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia.

Tá sé d'aidhm ag na measúnuithe sin tacú le comhordú na freagartha ar na bagairtí sin, ar comhordú é atá sonraíbhunaithe, fianaisebhunaithe agus a bhfuil comhairle tugtha ag saineolaithe ina leith.

Rannchuidíonn ECDC, EMA, EFSA, ECHA([28]) , EEA([29]) , EUDA([30]) , agus Europol leis na measúnuithe riosca sláinte poiblí sin ar bhonn a sainorduithe agus a saineolais féin. Déanann na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais measúnú ar dhéine fhéideartha na bagartha ar an tsláinte phoiblí agus breithníonn siad tionchair na mbeart sláinte poiblí agus sóisialta. Chun tacú le measúnú riosca cuimsitheach, comhroinneann an Coimisiún faisnéis a bhaineann le frithbhearta leighis leis na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear faisnéis maidir le cur ar fáil, soláthar agus cur in úsáid.

**Sampla praiticiúil: Freagairt ar ráig de *salmonella***

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh ECDC agus EFSA go comhpháirteach mearmheasúnú nuashonraithe ar an ráig trasteorann fhada de *Salmonella Strathcona* ST2559([31]), agus braitheadh 437 gcás idir 2023 agus 2025 ar fud 15 thír AE/LEE. Fuarthas amach gur thrátaí a bhí mar an bpríomhfheithicil ionfhabhtaithe i roinnt imscrúduithe náisiúnta. Trí *S. Strathcona* a bhrath i samplaí uisce uisciúcháin a bailíodh ag láithreán táirgthe trátaí, deimhníodh go raibh taobh comhshaoil ag baint le héiliú na dtrátaí. Leagtar béim sna torthaí sin ar an ngá atá le straitéis ildisciplíneach lena gcomhtháthaítear measúnuithe comhshaoil chun an riosca a bhaineann le héilliú *Salmonella* a mhaolú.

## Céim 3: Freagairt do ghéarchéim shláinte

Tá sé ríthábhachtach freagairt do bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte ar bhealach comhordaithe comhlántach. Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an méid sin a bhaint amach:

- Sa **Choiste Slándála Sláinte**, faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, comhordaíonn na Ballstáit iarrachtaí freagartha leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear bainistiú géarchéime agus bearta sláinte poiblí agus sóisialta.
- Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó **Bhord HERA**([32]) , iarrachtaí a chomhordú maidir le hábhair a bhaineann le frithbhearta leighis chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil agus go mbeidh siad inrochtana mar fhreagairt ar bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte.
- Áirithíonn na Ballstáit **feasacht staide mhéadaithe, cumarsáid riosca agus géarchéime**, agus an **taighde éigeandála agus na cistí éigeandála is gá** chun tacú le hiarrachtaí freagartha.
- De réir dhéine na bagartha agus an ghá atá le bearta breise agus chomhréireacht na mbeart sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh **éigeandáil sláinte poiblí a aithint ar leibhéal an Aontais**, rud a scaoilfidh acmhainneachtaí agus acmhainní breise, lena

[28] an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán.
[29] an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.
[30] Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh.
[31] https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/ROA_%20S_%20Strathcona-ST2559_multi-country.pdf.
[32] I gcomhréir le Cinneadh ón gCoimisiún an 16.9.2021 lena mbunaítear Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), C(2021)6712.

n-áirítear sainorduithe leathnaithe do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí áirithe de chuid an Aontais. Tacaíonn **Coiste Comhairleach an Aontais Eorpaigh maidir le hÉigeandálaí Sláinte Poiblí** leis an gCoimisiún, arna iarraidh sin dó, trí chomhairle a thabhairt maidir le bagairt a bheith ina héigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais.

- Ar an m**Bord um Ghéarchéim Shláinte**, faoi chomhchathaoirleacht an Choimisiúin agus Uachtaránacht rothlach na Comhairle, déanann an Chomhairle, an Coimisiún, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit a n-iarrachtaí a chomhordú chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime agus rochtain orthu a áirithiú. Bunófar an Bord um Ghéarchéim Sláinte má aithnítear éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais, agus má **ghníomhachtaíonn an Chomhairle an creat beart éigeandála**([33])
- Cosnaíonn na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, leanúnachas cúraim agus cúnaimh thar theorainneacha, ó **aslonnuithe leighis** go cabhair chomhchineáil leighis a sholáthar (lena n-áirítear frithbhearta leighis agus trealamh) agus **rianú teagmhálaithe idir na Ballstáit,** agus iad á nascadh le sásraí níos leithne de chuid an Aontais um bainistiú géarchéime atá á bhainistiú ag an gCoimisiún, mar shampla **an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta** (SACS) agus **Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil**([34]) mar aon leis an bh**Freagairt pholaitiúil ón gComhairle ar ghéarchéimeanna** (IPCR)([35]) .
- Féadfaidh an Coimisiún, más fiú é sin a dhéanamh, **srianta sealadacha taistil agus rialuithe ag teorainneacha inmheánacha** a thabhairt isteach i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe([36]) . D’fhéadfaí a áireamh ar bhearta breise **sásraí maidir le rialú ar onnmhairiú** ina gcuidíonn údaráis chustaim le soláthar frithbheart leighis criticiúil a dhaingniú trína n-allmhairiú a éascú agus, i gcás inar gá, trína n-onnmhairiú a shrianadh le linn géarchéime.

**Freagairt faoi lán seoil: Sásra comhtháite an Aontais maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR)**

Is é **IPCR** Chomhairle an Aontais Eorpaigh (na Comhairle) sásra lárnach an Aontais maidir le cinnteoireacht mhear chomhordaithe ar leibhéal polaitiúil an Aontais mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna móra nó casta. Faoi chathaoirleacht Uachtaránacht na Comhairle, tá IPCR inscálaithe de réir thromchúis na géarchéime. I gcás éigeandáil sláinte, oibríonn an Coiste Slándála Sláinte agus an Bord um Ghéarchéim Shláinte go dlúth le IPCR chun a áirithiú go dtacófar le comhordú polaitiúil ar leibhéal an Aontais le saineolas sláinte poiblí agus le hionchur oibríochtúil ó na Ballstáit trí fhaisnéis, tuairimí agus treoraíocht a chomhroinnt, mar shampla. Mar shampla, le linn phaindéim COVID-19, chuir an Coimisiún os cionn 100 **tuarascáil um Fheasacht agus Anailís Chomhtháite ar an Suíomh** i dtoll a chéile le hionchur ó na Ballstáit, ó ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ó ionadaíochtaí agus ó thoscaireachtaí de chuid an Aontais, arbh é b’aidhm dóibh léargas soiléir a thabhairt do chinnteoirí ar an staid.

[33] Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle, IO L 314, 6.12.2022, lch. 64.
[34] https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/what/humanitarian-aid/reliefeu_ga.
[35] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle, IO L 320, 17.12.2018, lgh. 28–34.
[36] Airteagal 21a agus Airteagal 28 de Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe (Rialachán 2016/399, arna leasú le 1717/2024)

**Sampla praiticiúil: Ailíniú idir IPCR agus an Coiste Slándála Sláinte maidir le freagairt COVID-19**

Le linn phaindéim COVID-19, thuairiscigh an Coimisiún do IPCR ar bhonn tráthrialta faoi phlé an Choiste Slándála Sláinte. Mar shampla, i mí Eanáir 2023, ghlac IPCR an seasamh céanna leis an gCoiste Slándála Sláinte maidir leis an méadú tobann ar chásanna COVID-19 sa tSín, mar a cuireadh in iúl in sa Tuairim ón gCoiste Slándála Sláinte le haghaidh cur chuige comhchoiteann de chuid an Aontais mar fhreagairt ar staid COVID-19 sa tSín([37]) .

[37] https://health.ec.europa.eu/latest-updates/opinion-health-security-committee-common-eu-approach-response-covid-19-situation-china-2023-01-05_ga.

## Céim 4: Téarnamh ó ghéarchéim sláinte

Tá sé ríthábhachtach téarnamh ó ghéarchéimeanna sláinte agus ceachtanna a fhoghlaim chun pobail a athbhunú agus chun géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a chosc. Cuimsítear leis sin:

- **athbhreithnithe le linn na gníomhaíochta agus tar éis na gníomhaíochta** a dhéanamh chun foghlaim ó gach géarchéim shláinte;
- na ceachtanna a foghlaimíodh a iompú ina n-**athchóirithe beartais**, ina g**creataí dlíthiúla nuashonraithe**, agus ina b**pleananna ullmhachta feabhsaithe**, lena n-áirítear córais sláinte níos athléimní;
- meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar thionchar na mbeartas freagartha ar ghéarchéimeanna agus téarnaimh le cuidiú ó shaineolaithe neamhspleácha amhail **an Sásra um Chomhairle Eolaíoch** agus iniúchtaí arna ndéanamh ag **Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**;
- trédhearcacht agus muinín a chothú trí **chumarsáid** shoiléir a dhéanamh faoin méid a d'oibrigh, faoin méid is féidir a fheabhsú agus faoin méid is gá a athrú;
- na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha ar ghrúpaí a ndéanann géarchéimeanna sláinte difear díréireach dóibh a bhreithniú agus bealaí a shainaithint chun cothromas agus cur chuige cuimsitheach a neartú.

**Téarnamh faoi lán seoil: Slándáil sláinte an Aontais a neartú ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19**

Agus an Coimisiún ag cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, thug sé an reachtaíocht maidir le **bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte** cothrom le dáta. Leis sin, cuirtear córas níos láidre i bhfeidhm maidir le cosc, faireachas, luathrabhadh agus freagairt ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon agus áirithítear comhordú níos tapúla, comhroinnt faisnéise níos fearr agus gníomhaíocht chomhpháirteach le linn éigeandála. Cuireadh **HERA** ar bun mar sheirbhís de chuid an Choimisiúin chun neartú a dhéanamh ar chumas an Aontais éigeandálaí sláinte trasteorann a chosc, a bhrath agus freagairt dóibh go tapa trína áirithiú go ndéanfar frithbhearta leighis ríthábhachtacha a fhorbairt, a mhonarú, a sholáthar agus a dháileadh go cothrom. Neartaíodh sainorduithe príomhghníomhaireachtaí de chuid an Aontais freisin: (i) tá cumhachtaí feabhsaithe ag **ECDC** anois maidir le faireachas, measúnú riosca, agus cruthú líonra de shaotharlanna tagartha an Aontais um shláinte phoiblí, rud a thacaíonn le hullmhacht agus pleanáil freagartha níos fearr ar fud na mBallstát; agus (ii) tá ról lárnach ag **EMA** maidir le ganntanais cógas riachtanach agus feistí leighis riachtanacha a chosc agus a bhainistiú. Thairis sin, bunaíodh creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais. Thairis sin, chuir creat dlíthiúil treisithe an t**Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS)** ar a chumas don Choimisiún stoc-chairn rescEU a leathnú. Cuimsítear leis sin breis agus 20 stoc-charn straitéiseach rescEU a chruthú atá lonnaithe in 16 Bhallstát, ar stoc-chairn iad ina bhfuil earraí riachtanacha amhail frithbhearta leighis, trealamh leighis dianchúraim, trealamh freagartha ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach agus trealamh cosanta pearsanta.

Tar éis na n-athchóirithe reachtacha sin, lean an tAontas dá chreat slándála sláinte a bheachtú ar bhonn meastóireachtaí iarphaindéime. Leis **an Sásra um Chomhairle Eolaíoch**, cuireadh treoraíocht neamhspleách fhianaisebhunaithe ar fáil maidir le hullmhacht paindéime, straitéisí vacsaíní agus muinín an phobail san eolaíocht. Thairis sin, rinne **Cúirt Iniúchóirí na hEorpa** sraith athbhreithnithe agus

iniúchtaí ar an bhfreagairt ón Aontas ar phaindéim COVID-19([38]) . Go háirithe, rinne an Chúirt Iniúchóirí measúnú ar ullmhacht ECDC agus EMA do phaindéim COVID-19 agus ar a bhfreagairt uirthi, agus rinne sí iniúchadh ar fheidhmíocht an dá ghníomhaireacht le linn géarchéim sláinte([39]) . Tríd is tríd, laistigh de theorainneacha a gcumhachtaí agus a n-acmhainneachtaí féin, thángthas ar an gconclúid san iniúchadh gur fhreagair an dá ghníomhaireacht go maith do ghéarchéim COVID-19 go ginearálta. Le déanaí, rinneadh athbhreithniú ar oibríochtaí sheirbhís HERA an Choimisiúin([40]), rud a chuir i dtábhacht an méid atá bainte amach ag HERA maidir le hacmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha ar leibhéal an Aontais a neartú. Mar sin féin, sainaithníodh sna tuarascálacha sin freisin easnaimh i réimsí sonracha agus tugadh léargas ar réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh oibre. Ina theannta sin, moladh i meastóireacht ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a glacadh in 2024, a chumais freagartha oibríochtúla a neartú chun rioscaí mórscála trasteorann a mhaolú ar bhealach níos éifeachtaí([41]) .

Cuidíonn léargais ó na hiniúchtaí agus ó na hathbhreithnithe sin le cumais an Aontais a neartú maidir le géarchéimeanna sláinte a chosc, agus maidir le hullmhacht agus freagairt dóibh. I dteannta a chéile, léirítear leis na bearta sin an chaoi ar chuir an tAontas feabhsuithe marthanacha ar an tslándáil sláinte mar thoradh ar na ceachtanna ón bpaindéim – rud a chothaíonn Eoraip níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos athléimní don todhchaí.

## 3. PLEANANNA NÁISIÚNTA A NEARTÚ AGUS FREAGAIRT CHOMHORDAITHE AR LEIBHÉAL AN AONTAIS Á hÁIRITHIÚ AN TRÁTH CÉANNA: CUR CHUIGE COMHTHÁITE I LEITH NA SLÁNDÁLA SLÁINTE

Tá plean an Aontais bunaithe ar na pleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha atá á bhforbairt agus á dtabhairt cothrom le dáta ag na Ballstáit ó glacadh an Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte in 2022([42]) . Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit a bpleananna náisiúnta a ailíniú le plean an Aontais a mhéid is féidir, rud a chothódh cur chuige comhtháite i leith na slándála sláinte. Trí phleananna an Aontais agus pleananna náisiúnta a chomhtháthú, is féidir creat slándála sláinte láidir cuimsitheach a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, feidhmíonn plean an Aontais **mar dhoiciméad treorach agus mar chatalaíoch don aontacht araon**: údaráis náisiúnta a chumhachtú chun a bpleananna náisiúnta féin a neartú agus freagairt chomhordaithe ar leibhéal an Aontais ar ghéarchéimeanna sláinte a áirithiú an tráth céanna.


Gach 3 bliana, **tuairiscíonn** na Ballstáit don Choimisiún maidir lena bpleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha agus lena cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, agus tugann siad forléargas ar struchtúir a rialachais náisiúnta, a n-acmhainneachtaí agus a n-acmhainní atá i bhfeidhm agus atá tiomnaithe dá n-ullmhacht agus dá bhfreagairt ar ghéarchéimeanna sláinte trasteorann a áirithiú. Tá ról tábhachtach ag an g**Coiste Slándála Sláinte**([43]) sa chleachtadh féintuairiscithe

[38] https://www.eca.europa.eu/ga/covid19.
[39] https://www.eca.europa.eu/ga/publications?ref=SR-2024-12.
[40] COM(2025) 147 final.
[41] COM(2024) 212 final.
[42] Mar chuid de chur chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2371, féach Airteagail 6-8.
[43] https://health.ec.europa.eu/health-security-and-infectious-diseases/crisis-management_ga#health-security-committee.

sin agus sa phlé ar staid fhoriomlán ullmhachta an Aontais. Tugann an Coiste Slándála Sláinte na Ballstáit, an Coimisiún agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais le chéile chun dea-chleachtais a phlé agus a chomhroinnt, ailíniú idir na pleananna náisiúnta agus plean an Aontais a chur chun cinn, agus cultúr comhair a chothú([44]) .

An tráth céanna, i dtimthriall 3 bliana freisin, déanann ECDC measúnú ar acmhainneachtaí coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát. Tar éis **na Measúnuithe ar Ullmhacht Éigeandála Sláinte Poiblí**([45]) sin, cuireann ECDC moltaí saincheaptha ar fáil do na Ballstáit, ina leagtar amach réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus ina moltar bealaí chun a bpleananna náisiúnta a fheabhsú agus a n-acmhainneachtaí a neartú([46]) .

Léirítear leis an bhfíor seo a leanas cónascadh na d**timthriallta tuairiscithe agus measúnaithe** a bhaineann le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát. Ar **thaobh na láimhe clé** léirítear an timthriall tuairiscithe, ina dtuairiscíonn na Ballstáit maidir lena bpleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha, nithe a phléitear ansin sa Choiste Slándála Sláinte agus a ndéanann an Coimisiún achoimre orthu i dtuarascáil forléargais. Ar **thaobh na láimhe deise** léirítear an timthriall measúnaithe, ag tosú leis na Measúnuithe ar Ullmhacht Éigeandála Sláinte Poiblí, agus moltaí ECDC ina dhiaidh sin, agus ag críochnú leis na Ballstáit ag forbairt pleananna gníomhaíochta mar fhreagairt air sin. Cuireann aiseolas ón dá thimthriall le forléargas comhtháite an Choimisiúin ar ullmhacht an Aontais do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, rud a thacaíonn le feabhas leanúnach a chur ar shlándáil sláinte an Aontais.




Fíor 1. Cónascadh na dtimthriallta tuairiscithe agus measúnaithe a bhaineann le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát.

---

44 Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2022/2371.
45 https://www.ecdc.europa.eu/en/about-ecdc/what-we-do/public-health-emergency-preparedness-assessments.
46 Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2371.

Go dtí seo, tá pleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha i bhfeidhm ag gach ceann de na 30 tír AE/LEE agus thuairiscigh siad ar a n-acmhainneachtaí sa chéad chleachtadh féintuairiscithe in 2023([47]) . In 2024 agus 2025, ghlac 19 dtír AE/LEE páirt i Measúnuithe ar Ullmhacht Éigeandála Sláinte Poiblí a bhí á reáchtáil ag ECDC.

Trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bhailítear tríd an gcleachtadh náisiúnta féintuairiscithe agus trí thorthaí na Measúnuithe ar Ullmhacht Éigeandála Sláinte Poiblí, ullmhaíonn an Coimisiún, i gcomhar le ECDC, **tuarascáil forléargais maidir le staid na hullmhachta san Aontas**([48]), ina gcuirtear i dtábhacht bearnaí agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

**Léargais ar acmhainneachtaí ullmhachta na dtíortha AE/LEE ó chleachtadh féintuairiscithe 2023**

Tá creataí reachtacha ag tíortha uile AE/LEE maidir le bainistiú géarchéime sláinte, ach tá bearnaí fós ann sa chur chun feidhme. Chun dul i ngleic go héifeachtach le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, ní mór do na Ballstáit cur chuige cuimsitheach a ghlacadh lena gcuirtear comhar, comhionannas deiseanna, athléimneacht airgeadais agus comhordú láidir i dtábhacht ar gach leibhéal.

Maidir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin, tá córais bainistithe teagmhas ag formhór na dtíortha AE/LEE a nascann an tsláinte phoiblí le hearnálacha eile. Mar sin féin, is annamh a dhéantar tástáil agus athbhreithniú ar shásraí comhordúcháin ar fud earnálacha agus leibhéil rialachais éagsúla. Chun rioscaí a shainaithint ar bhealach níos fearr go luath, ba cheart do na Ballstáit measúnú tráthrialta a dhéanamh ar gach cineál bagartha agus iad a ionchorprú i bpleananna géarchéime sláinte cuimsitheacha, Aon Sláinte Amháin agus uile-ghuaise, ina mbeidh gach earnáil ábhartha den tsochaí rannpháirteach. Ba cheart frithbhearta leighis a chomhtháthú sna pleananna sin freisin, lena n-áiritheofar go mbeidh stoc-chairn agus acmhainneachtaí monaraíochta réidh chun tacú le freagairt thapa éifeachtach nuair a thiocfaidh géarchéimeanna sláinte chun cinn.

Tá pleananna ag formhór na dtíortha AE/LEE chun a áirithiú go mbeidh a lucht saothair sláinte ar fáil le linn géarchéimeanna sláinte, ach is beag tír a dhéanann athbhreithniú ar na pleananna sin ar bhonn tráthrialta, agus bíonn deacrachtaí ag go leor acu riachtanais acmhainní daonna a thuar go leordhóthanach. Níl córais chun pearsanra leighis a imlonnú thar theorainneacha i gcás éigeandála seanbhunaithe go fóill. Chun an borradh ar an éileamh i gcás éigeandála a bhainistiú, ba cheart pleananna a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun pearsanra breise a shlógadh, lena n-áirítear mic léinn agus gairmithe atá ar scor. Ba cheart dóibh freisin nósanna imeachta soiléire a leagan amach chun oibrithe sláinte a ath-imlonnú ar fud na réigiún agus idir tíortha AE/LEE i gcásanna ardéilimh, lena n-áirítear i gcásanna coinbhleachta a d'fhéadfadh a bheith ann. Go ginearálta, is gá cúnamh frithpháirteach agus socruithe comhair a oibríochtú chun gluaiseacht pearsanra, trealaimh leighis, frithbheart leighis agus othar thar theorainneacha a éascú le linn éigeandálaí agus chun Tacaíocht an Óstnáisiúin a fheabhsú.

Dá bhrí sin, próiseas dinimiciúil is ea forbairt agus cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta, chomh maith le pleanáil na n-acmhainneachtaí is gá laistigh de na Ballstáit le haghaidh coisc, ullmhachta agus freagartha do ghéarchéimeanna sláinte, agus bíonn tionchar ag tosaíochtaí polaitiúla na mBallstát, na hacmhainní atá ar fáil, agus an timpeallacht bhagartha agus riosca atá ag síorathrú orthu freisin. Tacaíonn an Coimisiún agus gníomhaireachtaí an Aontais leis na

---

47 Tá an tuairisciú bunaithe ar cheistneoir (féach: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32023R1808) agus athdhéanfar in 2026 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin é.

48 Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2022/2371.

Ballstáit trí threoraíocht theicniúil a chur ar fáil, oiliúint a eagrú ([37]), cleachtaí ionsamhlúcháin a eagrú, agus saineolas a sholáthar ([38]). Tá idirphlé leanúnach sa Choiste Slándála Sláinte ríthábhachtach i ndáil leis sin.

## 4. PLEAN AN AONTAIS A CHUR CHUN FEIDHME AGUS A FHORBAIRT A THUILLEADH

Is cinnte go dtiocfaidh forbairt ar phlean an Aontais, plean atá nasctha go láidir leis na pleananna náisiúnta agus a chuireann leo. Ar an gcaoi chéanna leis na pleananna náisiúnta, ní mór forbairtí polaitiúla, ráigeanna, athruithe ar reachtaíocht an Aontais agus glacadh nó cur chun feidhme tionscnaimh ábhartha ón Aontas a léiriú i leaganacha den phlean ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, agus plean an Aontais á thabhairt cothrom le dáta, beidh sé ríthábhachtach aiseolas ó chleachtaí ionsamhlúcháin, ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéimeanna sláinte iarbhír, meastóireachtaí ar reachtaíocht agus ar thionscnaimh an Aontais, taithí ar chur chun feidhme agus na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a chur san áireamh.

Chun a áirithiú go leanfaidh plean an Aontais dá aidhmeanna agus dá chuspóirí a bhaint amach, déanfar é a thástáil go tráthrialta trí **chleachtaí ionsamhlúcháin**, a bhfuil an chéad cheann acu sceidealaithe do 2026. Leis na cleachtaí sin, déanfar ábhar phlean an Aontais a thástáil mar fhreagairt ar chineálacha éagsúla bagairtí atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, tá cleachtaí ionsamhlúcháin, seisiúin oiliúna agus ceardlanna eile beartaithe lena ndíreofar ar ghnéithe sonracha den chosc, den ullmhacht agus den fhreagairt ar ghéarchéimeanna sláinte[49].

Má thagann géarchéim sláinte chun cinn, déanfaidh an Coimisiún athbhreithnithe le linn na gníomhaíochta agus tar éis na gníomhaíochta in éineacht leis na Ballstáit. Beidh sé ríthábhachtach léargais a ghabháil ó na hathbhreithnithe sin agus iad a ionchorprú i bplean an Aontais. Cuideoidh sé sin leis an bplean a bheith oiriúnach don fheidhm i gcónaí agus a bheith ar an mbosca uirlisí is éifeachtaí is féidir ag gach céim den timthriall coisc, ullmhachta agus freagartha.

Ní mór torthaí na meastóireachtaí leanúnacha ar dhá phríomhbhloc tógála don **Aontas Sláinte Eorpach** a mheas freisin: (i) cur chun feidhme **an Rialacháin maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte**; agus (ii) **ECDC** i bhfianaise a shainordaithe athbhreithnithe. Meastar go bhfoilseofar torthaí na meastóireachtaí sin in R1-2026 agus R2-2026, faoi seach.

Níor mhór leathadh amach na bpríomhghníomhaíochtaí éagsúla a liostaítear sa Phlean Gníomhaíochta atá i gceangal leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta a chur san áireamh in athbhreithnithe a dhéanfar ar an bplean amach anseo. Cuimsítear leo sin na páirtithe leasmhara seo a leanas: (i) **Mol AE um Chomhordú Géarchéime** a fhorbairt, atá beartaithe do 2027; (ii) **measúnú cuimsitheach AE ar an riosca agus ar an mbagairt** a tharraingt suas (2026); (iii) **íoscheanglais ullmhachta** a ghlacadh (2026); agus (iv) **socruithe cuimsitheacha ullmhachta míleata sibhialta** a leagan amach (2027).

---

[49] Mar shampla, cleachtaí atá tiomnaithe do bhainistiú frithbheart leighis nó do chomhar míleata sibhialta.

Cuimsítear freisin sa Phlean Gníomhaíochta atá i gceangal leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta dhá straitéis a glacadh in 2025. Is é is aidhm don **Straitéis Frithbheart Leighis**([50]) acmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha an Aontais a threisiú don chéad éigeandáil sláinte eile, gan beann ar a tionscnamh, trí rochtain agus infhaighteacht frithbheart leighis a áirithiú i gcónaí amhail vacsaíní, cógais, diagnóisic agus uirlisí leighis eile. Is é is aidhm don **Straitéis um Stoc-charnadh**([51]) cúlchistí straitéiseacha de sholáthairtí leighis fíor-riachtanacha a thógáil agus a choinneáil ar bun lena slógadh go tapa. Díreoidh cur chun feidhme an dá straitéis ar bhearta sonracha atá ábhartha do phlean an Aontais.

Beidh impleachtaí tábhachtacha ag tograí faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile ar ábhar phlean an Aontais, ar tograí iad atá á scrúdú faoi láthair ag na comhreachtóirí,. Go háirithe, dírítear sa togra ón gCoimisiún maidir le **Ciste Eorpach um Iomaíochas**([52]) ar nuálaíocht agus iomaíochas a chothú in earnáil na sláinte agus slándáil an tsoláthair á háirithiú agus borradh á chur faoin acmhainneacht thionsclaíoch agus faoin gcumas aghaidh a thabhairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte amach anseo i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin.

Thairis sin, is é is aidhm don togra ón gCoimisiún **maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus do fhreagairt i dtaca le héigeandálaí sláinte** ([53]) a neartú cosc, ullmhacht agus freagairt an Aontais ar ghéarchéimeanna a threisiú.

Ina theannta sin, tá an **chomhpháirtíocht Eorpach maidir le hullmhacht i ndáil le paindéimí (BE READY),** ar comhpháirtíocht taighde a chistítear faoin gclár Fís Eorpach([54]) í, le seoladh i mí Eanáir 2026 agus tabharfar le chéile léi líonra taighde uile-Eorpach inbhuanaithe ar féidir leis freagairt go tapa agus go héifeachtach do ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo([55]) .

Beidh **cur chun feidhme rathúil phlean an Aontais agus na nuashonruithe a dhéanfar air amach anseo** bunaithe ar iarracht chomhoibríoch idir an Coimisiún, institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, agus na Ballstáit. Leanfaidh an Coiste Slándála Sláinte de bheith ina ardán chun comhordú tráthrialta a dhéanamh ar chur chun feidhme phlean an Aontais. An tráth céanna, roinnfidh an Coimisiún eolas agus dea-chleachtais go gníomhach leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear údaráis inniúla na mBallstát, trí raon bealaí cumarsáide lena n-áirítear príomhimeachtaí. I dteannta a chéile, oibreoimid i dtreo Aontas Eorpach níos láidre, níos cuimsithí agus níos athléimní nach bhfágfar aon duine ar lár

50 COM(2025) 529 final an 9 Iúil 2025.
51 COM(2025) 528 final an 9 Iúil 2025.
52 COM(2025) 555 final an 16 Iúil 2025.
53 COM(2025) 548 final an 16 Iúil 2025.
54 https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/topic-details/horizon-hlth-2024-disease-17-01?order=DESC&pageNumber=1&pageSize=50&sortBy=startDate&isExactMatch=true&status=31094501,31094502&programmePeriod=2021%20-%202027&frameworkProgramme=43108390&callIdentifier=HORIZON-HLTH-2024-DISEASE-17.
55 https://beready4pandemics.eu/.

ann, agus trí chultúr comhair agus gníomhaíochta comhchoitinne a chothú chun sláinte agus folláine an phobail a chosaint.